Rewarding Learning

**Uimhir Lárionaid**

| 71 | |
|---|---|

**Uimhir Iarrthóra**

| |
|---|

**General Certificate of Secondary Education**
**2009–2010**

# Eolaíocht: Teastas Singil (Modúlach)

## Gníomhaíocht agus Sláinte an Duine
## Modúl 2

## Bonnsraith

**[GSC21]**

GSC21

**DÉARDAOIN 20 BEALTAINE 2010, IARNÓIN**

**AM**

45 nóiméad.

**TREOIR D'IARRTHÓIRÍ**

Scríobh d'Uimhir Lárionaid agus d'Uimhir Iarrthóra sna spásanna chuige sin ag barr an leathanaigh seo.
Scríobh do fhreagraí sna spásanna chuige sin sa scrúdpháipéar seo.
Freagair **gach ceann** de na **seacht** gceist.

**EOLAS D'IARRTHÓIRÍ**

Is é 45 an marc iomlán don pháipéar seo.
Léiríonn figiúirí idir lúibíní ar thaobh na láimhe deise de leathanaigh na marcanna atá ag dul do gach ceist nó do gach cuid de cheist.

| Don Scrúdaitheoir amháin | |
|---|---|
| Uimhir Ceiste | Marcanna |
| 1 | |
| 2 | |
| 3 | |
| 4 | |
| 5 | |
| 6 | |
| 7 | |
| **Marc Iomlán** | |

**LEATHANACH BÁN**

**1** **(a)** **(i)** Is cineál de mhiocróib iad baictéir agus víris is cúis le galair.
Línte in úsáid agat, ceangail gach cineál de mhiocrób den ghalar a bhfuil sé ina chúis leis.
Ní úsáidfear galar amháin.

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |

| **Cineál de mhiocrób** | **Galar** |
|---|---|
| | Truis |
| Baictéir | |
| | Salmonella (nimhiú bia) |
| Víreas | |
| | Fliú |

[2]

**(ii)** Ainmnigh an **cineál** eile de mhiocrób is féidir a bheith ina chúis le galair.

_______________________________________________ [1]

**(b)** Comhlánaigh na habairtí seo a leanas.

Roghnaigh ó:

**víris : baictéir : peinicillin : paraicéiteamól**

Tugadh ____________________ ar an chéad antaibheathach a fionnadh.

Níl éifeacht ag antaibheathaigh ach ar _____________ . [2]

Scrúdaitheoir Amháin | Marcanna | Athmharc

**2** **(a)** Nuair a thiteann an líon d'orgánach beo go dtí leibhéil iontach íseal, is féidir go mbeidh an speiceas i mbaol díothaithe.

**(i)** Cén focal a chuireann síos ar speiceas atá i mbaol díothaithe?

Roghnaigh ó:

**dódó** **i gcontúirt** **iomaíoch**

______________________________ [1]


**(ii)** Tá a lán cineálacha iasc, amhail trosc, i mbaol díothaithe. Ainmnigh an speiceas is cúis, den chuid is mó, le líon na n-iasc a bheith ag laghdú.
**Ciorclaigh** do fhreagra.

**siorcanna**

**daoine**

**míolta móra** [1]

**(b)** Sa léaráid thíos taispeántar gnéithe áirithe den iascaireacht nua-aimseartha.




**(i)** Cén ghné (**A**, **B** nó **C**) sa léaraid **nach mbeidh** ina cuidiú le stoic iasc a chaomhnú?

______________ [1]

**(ii)** Luaigh **dhá** rud is féidir a dhéanamh le stoic iasc a chaomhnú.

Roghnaigh ó:

**Radar níos fearr ar bháid nua-aimseartha**

**Eangacha a bhfuil mogaill mhóra iontu**

**Líon na laethanta iascaireachta a laghdú**

**Eangacha a bhfuil mogaill bheaga iontu**

1. ______________________________________________

2. ______________________________________________ [2]

**(c)** Tá ioraí rua i mbaol díothaithe in Éirinn.



*© Terry Whittaker/Alamy*

Luaigh rud **amháin** is féidir a dhéanamh lena líon a mhéadú.
**Ciorclaigh** do fhreagra.

**Truailliú a chosc in aibhneacha**

**Líon na n-ioraí glasa a laghdú**

**Plandaí róslabhrais a bhaint ar shiúl**

[1]


| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |

3 Rinne Sinéad imscrúdú lena fháil amach an raibh éifeacht ag líon na bplandaí i bpota ar fhás gach planda.

Seo iad na torthaí a fuair sí.

| **Líon plandaí i bpota** | **Meánmhais gach planda/g** | **Líon na nduilleog** | **Líon na bhfréamhacha** |
|---|---|---|---|
| 1 | 27 | 5 | 4 |
| 2 | 18 | 5 | 4 |
| 3 | 12 | 4 | 4 |
| 4 | 9 | 3 | 4 |
| 5 | 7 | 2 | 4 |

**(a)** Ar an eangach thíos, breac **líneghraf** de mheánmhais gach planda ar líon na bplandaí sa phota.




[2]

**(b)** Na torthaí agus d'eolas féin in úsáid, comhlánaigh na habairtí seo a leanas.

De réir mar a mhéadaíonn líon na bplandaí sa phota,

___________________ meánmhais gach planda. Tarlaíonn seo de

bhrí go bhfuil siad in iomaíocht lena chéile le haghaidh acmhainní

amhail cothaithigh, spás agus ___________________ .

Taispeánann na torthaí go bhfuil rud amháin ann **nach** dtéann an méadú ar líon na bplandaí i bpota i bhfeidhm air, is é sin líon na

___________________ ar an phlanda. [3]

Scrúdaitheoir Amháin
Marcanna | Athmharc

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |

**(c)** Luaigh **dhá** rud a dhéanfadh Sinéad san imscrúdú lena chinntiú go mbeadh a cuid torthaí bailí (triail chothrom).


1. ______________________________

2. ______________________________ [2]

**(d)** Luaigh cad é a tharlódh dá gcuirfeadh Sinéad 20 planda sa phota.

______________________________ [1]

**4** **(a)** Taispeánann an léaráid seo a leanas an dóigh a dtarlaíonn báisteach aigéadach.




*© GCSE Single Award Science for CCEA By T Lavery, J Napier & R White, editor J Napier, page 81, published by Hodder Murray, 2006 ISBN 0340 926007 'Reproduced with permission'.*

**(i)** An léaráid agus do chuid eolais féin in úsáid agat, mínigh an fáth a dtéann an cineál truaillithe seo i bhfeidhm ar éisc.


______________________________ [1]

Le blianta beaga anuas laghdaíodh ar an truailliú a dhéanann báisteach aigéadach.

**(ii)** Luaigh dóigh **amháin** ar laghdaíodh ar mhéid na báistí aigéadaí.

______________________________ [1]

**(b)** Tá dé-ocsaíd charbóin ina cúis le truailliú aeir fosta. Taispeánann an léaráid seo a leanas cuid den timthriall carbóin. Taispeántar na próisis sna boscaí.




**(i)** Tháinig méadú iontach gasta ar na leibhéil dé-ocsaíd charbóin san atmaisféar le blianta beaga anuas. Ainmnigh an **próiseas** atá ina chúis leis seo.

______________________________________________ [1]

**(ii)** Síltear gurb é an méadú atá ag teacht ar na leibhéil dé-ocsaíd charbóin is cúis le téamh domhanda. Déan cur síos agus tabhair míniú ar dhóigh **amháin** a ndéanann téamh domhanda dochar d'orgánaigh bheo.


______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________ [2]

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |

**(c)** Bíonn éifeacht fosta ag an daonra daonna a bheith ag fás ar an domhan thart orainn.
Sa ghraf thíos, taispeántar an méadú ar an daonra daonna le 200 bliain anuas.




**(i)** Comhlánaigh an abairt seo a leanas.

Roghnaigh ó:

**foisteanach** **ag ardú** **ag ísliú**

Tá an ráta faoina bhfuil an daonra daonna ag méadú ________ [1]

**(ii)** Tá an daonra daonna ag méadú cionn is go bhfuil daoine ag maireachtáil níos faide.
Luaigh **dhá** fháth a bhfuil daoine ag maireachtáil níos faide.

1. ____________________________________________________

2. ____________________________________________________ [2]

Scrúdaitheoir Amháin

| Marcanna | Athmharc |
|---|---|

**5** Is féidir go mothóidh daoine go maith nuair a bhíonn dath gréine orthu; ach, tá riosca níos mó ann go dtiocfaidh ailse craicinn orthu. Le blianta beaga anuas, tá ailse craicinn ar níos mó daoine cionn is go dtéann siad chuig stiúideo donnúcháin agus ar saoire ilchríochach níos minice.

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |

**(a)** Ainmnigh an toisc thimpeallachta is cúis le hailse craicinn.

_______________________________________________ [1]

**(b)** Beidh Máire ag dul chun na Spáinne ar feadh dhá sheachtain i Mí Iúil. Seachas gan dul amach faoin ghrian, luaigh **dhá** rud is féidir léi a dhéanamh agus í ar saoire le laghdú ar an riosca go dtiocfaidh ailse craicinn uirthi.

1. _______________________________________________

2. _______________________________________________ [2]

**(c)** Athruithe (sócháin) ar struchtúir i gcealla chraiceann an choirp is cúis le hailse.

Ainmnigh na struchtúir a bhíonn á n-athrú.

_______________________________________________ [1]

**6** Tá líon ciseal ag an chorp lena chosaint ar ghalar.

**(a)** Cosnaíonn codanna áirithe den chorp an corp ar mhiocróib.
Comhlánaigh an tábla lena thaispeáint cén dóigh.

| Cuid den chorp | An dóigh a gcosnaíonn sé ar mhiocróib |
|---|---|
| Craiceann | |
| Seicíní múcasacha | |

[2]

**(b)** Cuir síos ar cad é is vacsaín ann, agus mínigh an dóigh a n-oibríonn sí.

______________________________________________________________________

______________________________________________________________________

______________________________________________________________________

______________________________________________________________________

____________________________________________________________________ [3]

Scrúdaitheoir Amháin

| Marcanna | Athmharc |
|---|---|

Scrúdaitheoir Amháin

| Marcanna | Athmharc |
|---|---|
| | |

**7** **(a)** Déanann caitheamh tobac, ól alcóil agus mí-úsáid drugaí dochar do dhaoine agus don tsochaí. Sa tábla thíos, cuirtear na héifeachtaí a bhíonn ag na substaintí seo ar dhaoine i gcomparáid lena chéile.

**Eochair** An éifeacht is mó = 3
An éifeacht is lú = 1

| **Substaint** | **Is féidir go mbeidh sé ina chúis le fadhbanna meabhairshláinte** | **Is féidir go mbeidh sé ina chúis le timpistí bóthair** | **Is féidir go mbeidh sé ina chúis le hailse** |
|---|---|---|---|
| Tobac | 1 | 1 | 3 |
| Alcól | 3 | 3 | 2 |
| Cannabas | 2 | 2 | 1 |

**(i)** Tig le daoine fásta tobac agus alcól a úsáid go dleathach, ach is druga neamhdhleathach go fóill é cannabas. An t-eolas sa tábla in úsáid agat, mínigh an dóigh a gcuirfeadh lucht feachtais in iúl gur chóir go mbeadh cannabas dleathach.

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________ [2]

**(ii)** Níl sé dleathach do pháistí toitíní agus alcól a cheannach, ach tá sé dleathach do dhaoine fásta. Luaigh fáth le cad chuige.

______________________________________________ [1]

**(iii)** Ainmnigh an tsubstaint i ndeatach tobac a fhágann go bhfuil sé:

1. ina chúis le handúil ________________ [1]

2. ina chúis le hailse ________________ [1]

**(b)** Taispeánann an tábla seo a leanas an patrún ólacháin a bhí ag triúr déagóirí thar thréimhse seacht lá. Taispeánann na luachanna an líon d'aonaid alcóil a d'ól siad.

| | Luan | Máirt | Céad | Déard | Aoine | Sath | Domh | **Iomlán** |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Seán | 1 | 2 | 3 | 2 | 2 | 2 | 0 | |
| Antaine | 0 | 0 | 2 | 0 | 0 | 8 | 0 | |
| Pól | 0 | 0 | 0 | 0 | 2 | 2 | 0 | |

**(i)** Comhlánaigh an tábla le líon iomlán na n-aonad a d'ól gach déagóir i rith na seachtaine a thaispeáint. [1]

**(ii)** Ainmnigh an déagóir a bhí ar ragús óil.

_______________________________________________ [1]

**(iii)** Molann an Rialtas nach rachadh daoine ar ragús óil. Luaigh **dhá** fháth le cad chuige.

_______________________________________________

_______________________________________________

_______________________________________________ [2]

**SEO DEIREADH AN SCRÚDPHÁIPÉIR**

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |

Cuireadh isteach ar chead chun an t-ábhar cóipchirt uile a atáirgeadh.
I gcásanna áirithe is féidir nár éirigh le CCEA teagmháil a dhéanamh le húinéirí cóipchirt agus beidh sé sásta na hadmhálacha sin a fágadh ar lár a chur ina gceart amach anseo ach é a chur ar an eolas.

5949.03